Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Feabhra 2025
(OR. en)**

**5960/25**

**UEM 55
ECOFIN 121
SOC 61
EMPL 44
COMPET 62
ENV 66
EDUC 26
RECH 47
ENER 22
JAI 168
GENDER 13
ANTIDISCRIM 10
JEUN 15
SAN 45**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Nóta míniúcháin - Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta míniúcháin a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2025.

## Nóta míniúcháin

*– Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2025*

In Airteagal 29 de Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, luaitear an méid seo a leanas: '*Mar riail ghinearálta, táthar ag dréim go ndéanfaidh an Chomhairle beart de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí.'*

Leis seo, i dtaca leis an 'riail comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na hathruithe a comhaontaíodh ar na Moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) freisin roinnt nithe breise mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**<u>Moladh 1 maidir leis an Limistéar Euro</u>**

*An téacs ón gCoimisiún:*

[...] Aontas Eorpach Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt, lena n-áirítear trí na naisc idir tionscadail na Margaí Caipitil agus an Aontais Baincéireachta a dhoimhniú, chun tacú le fás agus le hinfheistíochtaí agus chun an t-iomaíochas a fheabhsú. […]

*An téacs a comhaontaíodh:*

[…] Aontas Eorpach Coigiltis agus Infheistíochta a [...]<u>f</u>horbairt go <u>tapa</u>, trí earnálacha airgeadais agus baincéireachta atá iomaíoch agus a fheidhmíonn go maith a chur chun cinn, [...],chun tacú le fás agus le hinfheistíochtaí agus chun an t-iomaíochas a fheabhsú. […]

*Míniú:*

Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta agus aithníonn sí ag an am céanna gur tionscadail ghaolmhara ar leith iad a bhfuil cuspóirí agus spriocanna ar leith acu. Creideann an Chomhairle gur dóchúla go gcuirfear dlús lena gcur chun feidhme agus, ar deireadh, go dtacófar níos fearr leis an bhfás, leis an infheistíocht agus leis an iomaíochas tríd an dá thionscnamh a chur chun cinn ag an am céanna, agus a spriocanna sonracha á n-urramú ag an am céanna.

**Moladh 3 maidir leis an Limistéar Euro**

*An téacs ón gCoimisiún:*

[...] Faireachán a dhéanamh ar rioscaí do chobhsaíocht mhacra-airgeadais a bhaineann le cáilíocht sócmhainní, athphraghsáil sócmhainní agus maoirseacht mhacrastuamachta ar an earnáil idirghabhála airgeadais neamhbhainc a neartú.

*An téacs a comhaontaíodh:*

[...] Faireachán a dhéanamh ar rioscaí do chobhsaíocht mhacra-airgeadais a bhaineann le cáilíocht sócmhainní, athphraghsáil sócmhainní, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus an comhshaol, agus an bosca uirlisí rialála [...] don earnáil idirghabhála airgeadais neamhbhainc a neartú, de réir mar is iomchuí chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú agus a mhaolú.

*Míniú:*

Tá an Chomhairle den tuairim gur cheart an earnáil idirghabhála airgeadais neamhbhainc a chumhdach le huirlisí éagsúla agus rioscaí sistéamacha á mbainistiú agus á maolú, lena n-áirítear uirlisí macrastuamachta ach gan a bheith teoranta dóibh. Tá plé ar siúl faoi láthair leis na Ballstáit maidir le maoirseacht mhacrastuamachta ar an earnáil idirghabhála airgeadais neamhbhainc a neartú a thuilleadh. Ar an iomlán, measann an Chomhairle gur léirigh an creat maoirseachta atá ann faoi láthair stóinseacht i dtréimhsí luaineachta sa mhargadh a chuireann le hathléimneacht na hearnála idirghabhála airgeadais neamhbhainc.